Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**14931/25**

**JEUN 222**
**EDUC 425**
**FREMP 308**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Athléimneacht a neartú i measc daoine óga trí Erasmus+ 2028-2034 – *Seisiún tuairimíochta* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, nóta stiúrtha ón Uachtaránacht faoin ábhar thuasluaite, d'fhonn ullmhú don seisiún tuairimíochta a thionólfar sa Chomhairle (Oideachas, Óige, Cultúr agus Spórt) an 27 Samhain 2025.

**Athléimneacht a neartú i measc daoine óga trí Erasmus+ 2028-2034**

*Nóta stiúrtha ón Uachtaránacht*

Agus na teannais dhomhanda agus an éiginnteacht dhomhanda ag dul i méid, tugann clár Erasmus+ deiseanna d'Eorpaigh óga teacht le chéile thar theorainneacha agus mothú gur cuid den Eoraip ina hiomláine iad.

Mar cheann de na cláir is cáiliúla agus is rathúla de chuid an Aontais, le blianta fada tá Erasmus+ mar a bheadh ticéad ann do dhaoine óga chun dul thar lear agus féachaint ar an saol mar atá i dtíortha eile. Tugann sé deis do dhaoine aithne a chur ar a chéile ar leibhéil éagsúla – tugann sé deis dóibh dearcadh nua a fháil ar an saol laethúil i dtír eile agus foghlaimíonn siad faoina bhfréamhacha comhroinnte Eorpacha, a stair chomhchoiteann agus a luachanna comhchoiteanna.

De réir suirbhé Eorabharaiméadair in 2024[1], d'fhreagair 36 % de na daoine óga a ghlac páirt i ngníomhaíochtaí i dtír eile san Aontas go mba mhó a dtuiscint ar chultúir agus luachanna eile dá bharr. Ar an gcaoi chéanna, d'aontaigh 35 % díobhsan a thug freagra gur tháinig méadú ar a bhféinmhuinín agus a spéis i dteangacha iasachta nuair a ghlac siad páirt sna gníomhaíochtaí sin, agus luaigh 32 % díobh go raibh eolas níos mó acu ar thíortha Eorpacha eile mar thoradh air sin. Cé go léiríonn na huimhreacha sin go bhféadfadh gníomhaíocht Erasmus a bheith ina heispéireas pearsanta speisialta, tugann siad le tuiscint freisin go bhféadfaí tionchar níos mó a imirt ar scála Eorpach agus 16 mhilliún Eorpach tar éis páirt a ghlacadh sa chlár go dtí seo.

[1] An Coimisiún Eorpach: 'An Óige agus an Daonlathas' – Tuarascáil Eorabharaiméadair, Bealtaine 2024 https://europa.eu/eurobarometer/surveys/detail/3181

Ag féachaint chun cinn ar an gcéad chlár Erasmus+ eile 2028-2034, tá ceist thábhachtach ann faoin tionchar ba cheart a bheith ag an gclár ar dhaoine óga agus ar na glúine atá le teacht. Agus an caiteachas ar chumais chosanta agus slándála san Eoraip ag dul i méid, is féidir le clár Erasmus+ cur le gné eile de chosaint agus caomhnú na féiniúlachta Eorpaí agus na luachanna Eorpacha: athléimneacht dhaonlathach a fhorbairt.

Is féidir athléimneacht dhaonlathach a chothú go foirmiúil trí bhíthin córais oideachais agus go neamhfhoirmiúil trí phobail agus tionscadail áitiúla mar shampla. Is é croílár na hathléimneachta daonlathaí go mbeadh daoine in ann páirt ghníomhach a ghlacadh sa daonlathas agus sa saol sibhialta, agus féachaint go criticiúil ar an tsochaí ag an am céanna. Tá sé sin ábhartha go háirithe anois nuair is féidir an intleacht shaorga a úsáid chun bréagnuacht a chumadh as a n-eascraíonn mífhaisnéis agus bréagaisnéis agus a d'fhéadfadh scoilteadh a chothú sa díospóireacht phoiblí.

De réir an togra ón gCoimisiún le haghaidh chlár Erasmus+ 2028-2034[2], is é is aidhm don chlár rannpháirtíocht daoine óga i saol daonlathach na hEorpa a spreagadh, na scileanna is gá le haghaidh rannpháirtíocht shibhialta a chothú, feasacht a mhúscailt faoi luachanna Eorpacha comhchoiteanna, lena n-áirítear cearta bunúsacha, agus deiseanna a chur ar fáil do dhaoine óga agus d'eagraíochtaí chun dlúthpháirtíocht a léiriú, tacú le pobail agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shochaíocha.

**I bhfianaise an mhéid thuas, iarrann an Uachtaránacht ar na hairí freagra a thabhairt ar na ceisteanna thíos ar mhaithe le seisiún tuairimíochta ar an ábhar. Iarraimid na hidirghabhálacha a choinneáil faoi bhun <u>trí</u> nóiméad ar a mhéad.**

- I do thuairim, conas is féidir le clár Erasmus+ 2028-2034 rannchuidiú leis an athléimneacht a neartú i measc daoine óga san Eoraip?
- Ar leibhéal an Aontais, cad iad na hionstraimí agus na gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh tacú leis na Ballstáit rannpháirtíocht shibhialta agus dhaonlathach daoine óga a mhéadú?

---

[2] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an clár Erasmus+ don tréimhse 2028-2034, agus lena n aisghairtear Rialacháin (AE) 2021/817 agus (AE) 2021/888